**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/196 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Nollaig 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Sna conclúidí uaithi an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha, mar a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint i gcoinne fhogha na Rúise. Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin, ó thaobh chumas na Rúise an cogadh foghach seo aici a fhearadh, nach mór leanúint den chumas sin a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a neartú a thuilleadh.

(3) I bhfianaise thromchúis na staide, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart duine amháin agus eintiteas amháin atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an duine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Duine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1646. | Pavel Alekseevich MARINYCHEV<br>(Павел Алексеевич МАРИНЫЧЕВ) | Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin Alrosa<br>Dáta breithe: 25.10.1978<br>Áit bhreithe: Yakutsk, USSR (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 143515801397<br>Eintiteas comhlachaithe: PJSC Alrosa<br>Inscne: fireann | Is é Pavel Marinychev príomhoifigeach feidhmiúcháin Alrosa, cuideachta faoi úinéireacht stáit atá ag feidhmiú sa Rúis, a bhfuil saineolas acu ar thaiscéalaíocht, mianadóireacht, monarú agus díol diamant. Is é Alrosa an chuideachta mianadóireachta diamant is mó ar domhan. Tá tionscal na ndiamant tábhachtach go straitéiseach do gheilleagar Chónaidhm na Rúise, mar is é an t-onnmhairiú is mó sa tír nach onnmhairiú fuinnimh é. Is é Alrosa is cúis le níos mó ná 90 % de tháirgeadh diamant na Rúise. Ina cháil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Alrosa, is duine gnó é Pavel Marinychev atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, sa ról atá aige, tugann sé tacaíocht airgeadais do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá sé bainteach le Alrosa. | 3.1.2024'; |

Eintiteas

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '337 | PJSC Alrosa<br>(АЛРОСА) | Seoltaí: Oifig Mirny: 678174, ul. Lenina, 6, Mirny, Poblacht Sakha (Yakutia), Cónaidhm na Rúise<br>Oifig Mhoscó: 24, Ozerkovskaya nab. 115184, Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí | Is cuideachta faoi úinéireacht stáit atá ag feidhmiú sa Rúis é Alrosa, ag a bhfuil saineolas ar thaiscéalaíocht, mianadóireacht, monarú agus díol diamant. Is é Alrosa an chuideachta mianadóireachta diamant is mó ar domhan. Tá tionscal na ndiamant tábhachtach go straitéiseach do gheilleagar Chónaidhm na Rúise, mar is é an t-onnmhairiú is mó sa tír nach onnmhairiú fuinnimh é. Is é Alrosa is cúis le níos mó ná 90 % de tháirgeadh diamant na Rúise. Anuas air sin, tá comhpháirtíocht sheanbhunaithe ag Alrosa le Fórsaí Armtha na Rúise, óir tá fomhuireán de Chabhlach na Rúise á urrú aige ó 1997 i leith. Dá bhrí sin, tá Alrosa rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tugann sé tacaíocht airgeadais do Rialtas Chónaidhm na Rúise. | 3.1.2024'. |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 17.7.2002<br>OGRN: 1021400967092<br>Uimhir aitheantais chánach: 1433000147<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Duine gaolmhar: Pavel Alekseevich Marinychev (príomhoifigeach feidhmiúcháin) | | |